Déardaoin 2. Feabhra 2023

P9_TA(2023)0022

Iarratas ar dhíolúine Nicolas Bay a tharscaoilead

Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 2 Feabhra 2023 maidir leis an iarraidh ar dhíolúine Nicolas Bay a tharscaoileadh (2022/2054(IMM))

(2023/C 267/05)

Tá Parlaimint na hEorpa,

— ag féachaint don iarraidh ó Ionchúisitheoir Poiblí na Cúirte Achomhairc in Rouen ar tharscaoileadh dhíolúine Nicolas Bay dar dáta an 18 Samhain 2021 agus arna tarchur i litir dar dáta an 16 Bealtaine 2022 ó Aireacht Dlí agus Cirt na Fraince, faoi chuimsiú réamh-imscrúdú, agus a fógraíodh sa suí iomlánach an 8 Meitheamh 2022,

— tar éis di éisteacht a thabhairt do Nicolas Bay i gcomhréir le Riail 95(6) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint d'Airteagail 8 agus 9 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh, agus d'Airteagal 6(2) d'Ionstraim an 20 Meán Fómhair 1976 maidir le toghadh Fheisirí Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach,

— ag féachaint do bhreithiúnais ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 21 Deireadh Fómhair 2008, an 19 Márta 2010, an 6 Meán Fómhair 2011, an 17 Eanáir 2013 agus an 19 Nollaig 2019 ([1]),

— ag féachaint d'Airteagal 26 de Bhunreacht Phoblacht na Fraince, arna leasú le Dlí Bunreachtúil Uimh. 95-880 an 4 Lúnasa 1995,

— ag féachaint do Riail 5(2), do Riail 6(1) agus do Riail 9 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A9-0015/2023),

A. de bhrí gur iarr Ionchúisitheoir Poiblí na Cúirte Achomhairc in Rouen (an Normainn, an Fhrainc) díolúine Nicolas Bay, Feisire de Pharlaimint na hEorpa don Fhrainc, a tharscaoileadh, d'fhonn réamh-imscrúdú a dhéanamh i ndáil le cúisimh choiriúla i leith gríosú líomhnaithe chun fuatha nó foréigin ar fhorais tionscnaimh, eitneachais, náisiúin, cine nó reiligiúin, de réir focal, téacs, íomhá nó cumarsáid phoiblí leictreonach;

B. de bhrí, an 5 Bealtaine 2021, gur fhoilsigh Nicolas Bay físeán ar a chuntas Twitter agus ar Facebook, a scannánaíodh os comhair láithreán tógála mhosc Guinchainville (an Normainn, an Fhrainc), a líomhnaítear go raibh dearbhuithe ann ag ceangal tógáil moscanna le scaipeadh Ioslam na polaitíochta ar chríoch na Fraince agus déanamh gníomhartha sceimhlitheoireachta; de bhrí, san fhíseán, gur thagair sé go háirithe do dhúnmharú cónaitheora in Évreux mar fhianaise ar fhaillí, coireacht agus sceimhlitheoireacht; de bhrí gur fhan an físeán ar na meáin shóisialta le himeacht ama agus gur spreag sé barúlacha fuatha ó léitheoirí, in éineacht le hiarrataí go ndíothófaí lucht leanúna uile Ioslam, ar Facebook agus Twitter araon;

C. de bhrí gur tionóladh toghcháin réigiúnacha do Chomhairle Réigiúnach na Normainne an 20 Meitheamh 2021; de bhrí go raibh Nicolas Bay ina iarrthóir sna toghcháin réigiúnacha sin an tráth a taifeadadh na barúlacha san fhíseán; de bhrí gur taifeadadh an físeán ar chríoch thoghcheantar Nicolas Bay;

D. de bhrí gur thug na húdaráis inniúla phóilíneachta cuireadh do Nicolas Bay éisteacht a fháil an 6 Meán Fómhair 2021 agus de bhrí gur theip air a bheith i láthair gan bonn cirt a thabhairt; de bhrí gur seoladh an dara cuireadh chuige chun bheith i láthair an 29 Meán Fómhair 2021 agus de bhrí, an 21 Meán Fómhair 2021, gur chuir Nicolas Bay in iúl do na húdaráis phóilíneachta i litir gur dhiúltaigh sé láithriú le haghaidh a éisteachta, agus go ndearna sé a dhíolúine pharlaiminteach a agairt;

([1]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 21 Deireadh Fómhair 2008, *Marra* v *De Gregorio agus Clemente*, C-200/07 agus C-201/07, ECLI:EU:C:2008:579; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 19 Márta 2010, *Gollnisch* v *an Pharlaimint*, T-42/06, ECLI:EU:T:2010:102; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 6 Meán Fómhair 2011, *Patriciello*, C 163/10, ECLI: EU:C:2011:543; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 17 Eanáir 2013, *Gollnisch* v *an Pharlaimint*, T-346/11 agus T-347/11, ECLI:EU:T:2013:23; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 19 Nollaig 2019, *Junqueras Vies*, C-502/19, ECLI:EU:C:2019:1115.

Déardaoin 2. Feabhra 2023

E. de bhrí nach féidir le Parlaimint na hEorpa ról cúirte a ghlacadh, agus de bhrí nach féidir, i nós imeachta um dhíolúine a tharscaoileadh, Feisire a mheas mar chosantóir ([2]);

F. de bhrí nach tuairimí arna léiriú ná vótaí arna gcaitheamh i gcomhlíonadh a dhualgas ag Nicolas Bay mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa iad na cionta líomhnaithe de réir bhrí Airteagal 8 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh agus gur gníomhaíochtaí iad de nádúr réigiúnach;

G. de bhrí gurb é is cuspóir do dhíolúine pharlaiminteach ná Parlaimint na hEorpa agus a Feisirí a chosaint ar imeachtaí dlíthiúla a bhaineann le gníomhaíochtaí a dhéantar agus dualgais pharlaiminteacha á gcomhlíonadh agus nach féidir a scaradh ó na dualgais sin;

H. de bhrí go bhforáiltear le hAirteagal 9 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh go dteachtfaidh Feisirí de Pharlaimint na hEorpa, i gcríoch a Stáit féin, na díolúintí a thugtar do chomhaltaí pharlaimint a Stáit féin;

I. de bhrí go bhforáiltear le hAirteagal 26 de Bhunreacht na Fraince nach bhféadfar aon chomhalta den Pharlaimint a ionchúiseamh, a imscrúdú, a ghabháil, a choinneáil ná a thriail i leith tuairimí arna léiriú nó vótaí arna gcaitheamh i gcomhlíonadh a dhualgas nó a dualgas oifigiúil agus nach bhféadfar aon chomhalta den Pharlaimint a ghabháil i leith coire ná a bheith faoi réir aon bheart coimeádta nó leathchoimeádta eile gan údarú ón bParlaimint;

J. de bhrí, sa chás sin, nár tháinig an Pharlaimint ar fhianaise *fumus persecutionis*, i.e. gnéithe fíorasacha lena léirítear go bhféadfadh sé a bheith mar bhunchuspóir an nós imeachta dhlíthiúil damáiste a dhéanamh do ghníomhaíocht pholaitiúil an Fheisire, agus do Pharlaimint na hEorpa, dá bhrí sin;

1. á chinneadh díolúine Nicolas Bay a tharscaoileadh;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo agus tuarascáil a coiste fhreagraigh a chur ar aghaidh láithreach chuig údaráis inniúla na Fraince agus chuig Nicolas Bay.

([2]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 30 Aibreán 2019, *Briois* v *an Pharlaimint*, T-214/18, ECLI:EU:T:2019:266;